Commission
for the Support of
Victims of Crime

An Coimisiún
Um Thacaíocht
d'Íospartaigh na Coireachta

Tuarascáil Bhliantúil 2008



CLÁR

	Achoimre Fheidhmeach	Lch 2
1	Athbhunú an Choimisiúin	Lch 2
2	Cruinnithe	Lch 3
3	Dáileadh Maoinithe	Lch 3
4	Iarratais a fuarthas agus ar dheonaigh an CSVC maoiniú dóibh	Lch 4
5	Cinntí maoinithe do 2009	Lch 5
6	Creat Tacaíochta á Fhorbairt d'Íospartaigh na Coireachta	Lch 6
7	An Creatdoiciméad á chur i Láthair an Aire	Lch 6
8	Bunú an Choimisiúin nua, an Fhóraim Chomhchomhairligh agus Oifig Íospartaigh na Coireachta	Lch 7
9	Comhoibriú idir an Coimisiún agus na Gníomhaireachtaí um Cheartas Coiriúil agus na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha a dtugann an Coimisiún maoiniú dóibh	Lch 8
10	Tionscnamh um Cheartas d'Íospartaigh	Lch 8
11	Doiciméad Taighde	Lch 8
12	Obair an Chomhordaitheora	Lch 9
13	Athbhreithniú ar an gCairt d'Íospartaigh	Lch 9
14	Cóiríocht do Sheirbhís Chabhrach Turasóireachta na hÉireann, Seirbhís Tacaíochta do Dhaoine ar Iarraidh in Éirinn (MISS) agus Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta	Lch 9
15	Iniúchadh eagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún	Lch 9
16	Gníomhaíochtaí eile an Choimisiúin i 2008	Lch 10
	Aguisín A: Iarratais ar mhaoiniú ar éirigh leo i 2008	Lch 11
	Aguisín B: Cairt a léiríonn dáileadh an mhaoinithe	Lch 12
	Aguisín C: 2008 Fógra	Lch 13
	Aguisín D: 2009 Fógraíocht	Lch 14

An Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta

Tuarascáil don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

2008

Achoimre Fheidhmeach

- Athbhunaíodh an Coimisiún i Meán Fómhair, 2008.
- Reáchtáil an Coimisiún 12 cruinniú foirmiúil idir Eanáir agus Nollaig 2008.
- Tar éis fógraí poiblí fuair an Coimisiún 56 iarratas ar mhaoiniú do 2008 agus 45 iarratas ar mhaoiniú do 2009 agus rinne scrúdú go mion orthu.
- Dáileadh € 1,057,148 ar 45 Eagraíocht Neamhrialtasach a chuir seirbhísí duine le duine ar fáil d'íospartaigh na coireachta i 2008. Is ardú beagnach 12% é seo ar mhaoiniú 2007 do NGOanna.
- Lean an Coimisiún air ag forbairt Chreata Tacaíochta do struchtúir agus do sheirbhísí d'íospartaigh na coireachta sa todhchaí agus reáchtáil Lá Eolais ar an dréacht-Chreatdoiciméid i bhFeabhra, 2008.
- Chuir an Coimisiún a Chreatdoiciméad deiridh ar Mholtaí do struchtúir agus do sheirbhísí amach anseo i lathair an Aire Dli agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí in Aibreán, 2008.
- Bunaíodh an Coimisiún nua athbhunaithe agus Oifig d'Íospartaigh na Coireachta i Meán Fómhair, 2008.
- Bhuail an tAire le hionadaithe na NGOanna atá maoinithe ag an gCoimisiún i Meán Fómhair, 2008.
- Ba thosaíocht don Choimisiún a chinntiú go raibh soláthar eolais maidir leis na seirbhísí a bhí ar fáil d'íospartaigh na coireachta ar fáil go héasca agus go raibh teacht go héasca air.
- Rinneadh coimisiúnú ar thaighde, thar ceann an Choimisiúin, agus cuireadh tús leis i 2008 chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar caitheadh le híospartaigh na coireachta a raibh teagmháil acu le heagraíochtaí san earnáil dheonach.
- Thug Comhordaitheoir an Choimisiúin cuairt ar roinnt NGOanna atá maoinithe ag an gCoimisiún le linn 2008.

- Lean an Coimisiún air ag déanamh athbhreithnithe ar an gCairt d'Íospartaigh i 2008.

- Rinneadh cinntí maidir le maoiniú do NGOanna do 2009 i Nollaig, 2008, agus cuireadh scéala chuig na NGOanna.

1. Coimisiún Athbhunaithe

Athbhunaíodh an Coimisiún i Meán Fómhair 2008. Mar sin, clúdaíonn an Tuarascáil seo obair an chéad Choimisiúin agus an Choimisiúin Athbhunaithe. (Féach 8 thíos le mionsonraí a fháil)

2. Cruinnithe

2.1 Reáchtáil an Coimisiún 12 cruinniú sa tréimhse Eanáir go Nollaig 2008.

2.1 Ag éirí as iarratais ar chruinnithe ó roinnt Eagraíochtaí Neamhrialtasacha atá á maoiniú aige, bhuail an Coimisiún le roinnt díobh le linn 2008.

3. Dáileadh Maoinithe, 2008

3.1 Cuireadh €1,133,000 ar fáil don Choimisiún do sholáthar seirbhísí d'íospartaigh na coireachta i 2008.

3.2 Mar a tharla blianta eile, cuireadh fógra poiblí sna nuachtáin náisiúnta ar an 30 Samhain, 2007 ag lorg iarratais ar mhaoiniú do 2008. Lorg an Coimisiún iarratais ar mhaoiniú arís ó charthanais chláraithe, grúpaí deonacha/pobail agus comhlachtaí eile a sholáthraíonn nó a bhfuil moltaí acu do sholáthar seirbhísí/cúnaimh d'íospartaigh. Cuireadh foirm iarratais mhionsonraithe chuig gach iarratasóir. Ceanglaíodh ar eagraíochtaí a bhí ag fáil maoinithe a bheith ina n-aonad dlíthiúil, clárú leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus fianaise faoi chomhlíonadh cánach a chur ar fáil de réir nósanna imeachta airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

3.3 Cuireadh 56 iarratas comhlánaithe ar mhaoiniú ar ais chuig an gCoimisiún, a bhformhór ó eagraíochtaí a chuir isteach ar mhaoiniú agus a fuair maoiniú ón gCoimisiún i mblianta roimhe sin. Tá cóip den fhógra ar fáil in Aguisín C.

3.4 Scrúdaigh an Coimisiún gach iarratas go mion agus rinne moltaí i leith gach iarratais. Tá an Coimisiún neamhspleách go hiomlán ina chinnteoireacht agus scrúdaíonn gach iarratas ar a fhiúntas féin.

3.5 Is ceann dá róil é, dar leis an gCoimisiún, a chinntiú go ndéantar seirbhis d'ardchaighdeán a sholáthar d'íospartaigh na coireachta ar fud na tire. Tá sé tiomanta a chinntiú go mbaintear uas-sochar don íosopartach as airgead íocóirí cánach. Caithfidh sé a chinntiú go gcomhlíontar coinníollacha áirithe bunaidh

sula gcuireann sé maoiniú ar fáil. Mar sin ní mór d'eagraíochtaí a n-éiríonn leo glacadh le coinníollacha áirithe sula n-eisítear aon airgead. Bhí comhlánú Foirm Ghlactha i gceist a leagann amach na téarmaí faoina ndeontar an maoiniú. Áirítear ar na coinníollacha seo tiomantas chun tuarascálacha luachála, ráitis airgeadais agus tuarascálacha iniúchta a chur ar fáil de réir mar a éileoidh an Coimisiún.

3.6 Tugann an Coimisiún tosaíocht do mhaoiniú gniomhaíochtaí ag an mbunleibhéal a chuireann tacaíochtaí díreacha ar fáil d'íospartaigh na coireachta, in áit mar shampla struchtúir riaracháin nó feachtais chun feasacht a spreagadh. Leagann an Coimisiún béim ar leith ar an ngá atá le tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh agus iad ag freastal ar an gcúirt. Tuigeann sé go bhféadfadh go mbíonn strus mór ag baint le timpeallacht chúirte d'íospartaigh agus dá dteaghlaigh. Dá bharr seo is tosaíoht don Choimisiún í maoiniú seirbhísí tionlacan cúirte.

4. Iarratais a fuarthas agus ar dheonaigh an Coimisiún maoiniú dóibh i 2008

4.1 Fuair an Coimisiún iarratais agus dheonaigh maoiniú do 45 eagraíocht lena n-áirítear iad seo a leanas:

- *Líne Chabhrach Náisiúnta d'Íospartaigh na Coireachta [**1850-211-407**]*
  Tacaíonn an Coimisiún leis an Líne Chabhrach Náisiúnta d'Íospartaigh agus cuireann sé chun cinn í mar lárphointe teagmhála do gach íospartach coireachta. Chuaigh an Líne Chabhrach i mbun oibre i Meán Fómhair 2005 agus sheol an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go foirmiúil í ar an 14 Samhain 2005. Is oibrithe deonacha a bhíonn ina bun agus feidhmíonn sí ó 10.00am go 7.30pm ar an Luan. Ó Mháirt go hDéardaoin bíonn an tseirbhís ar fáil ó 10am – 5pm agus ó 2pm go 4.00pm ar an Satharn.

  Tugann an Líne Chabhrach an deis do dhaoine ar íospartaigh na coireachta iad tacaíocht mhothúchánach a fháil ar an bhfón, agus ag an am céanna soláthraíonn sí eolas ar an gcóras ceartais choiriúil agus ar sheirbhísí áitiúla. Ní hamháin go gcuireann sí eolas agus tacaíocht mhothúchánach ar fáil d'íospartaigh na coireachta ach feidhmíonn an Líne Chabhrach mar acmhainn d'eagraíochtaí deonacha eile agus do na Gardaí trí chuidiú leo a chinntiú gur féidir le híospartaigh na coireachta rochtain a fháil ar na tacaíochtaí iomchuí dá riachtanais féin.

- *AdVIC* a mholann go mbeadh athruithe a chuirfidh athchothromú an chórais cheartais choiriúil i gcrích agus a thabharfaidh aitheantas breise do stádas teaghlaigh na n-íospartach dúnbhásaithe laistigh den chóras.

- *An Chónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh* a thairgeann tacaíocht phraiticúil agus mhothúchánach d'íospartaigh uile na coireachta.

- *An tSeirbhís Éireannach um Chúnamh do Thurasóirí* a chuireann seirbhís tacaíochta ar fáil do thurasóirí ar íospartaigh na coireachta iad.

- *MISS (Seirbhís Tacaíochta do Dhaoine ar Iarraidh in Éirinn*) a sholáthraíonn eolas agus tacaíocht do theaghlaigh agus do chairde daoine atá ar iarraidh trí líne chabhrach.

- *Tacaíocht tar éis Coireachta* a chuireann tacaíocht mhothúchánach agus eolas praiticiúil ar fáil d'aon duine a ndeachaigh an choireacht i bhfeidhm orthu.

- *Tacaíocht tar éis Dúnbhásaithe* a chuireann tacaíocht mhothúchánach agus phraiticiúil ar fáil dóibh siúd ar lucht méala iad de bharr dúnbhásaithe.

4.2 Seirbhísí d'íospartaigh an **Fhoréigin Baile**
Ghlac an Coimisiún le 25 iarratas ar mhaoiniú ó eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin baile, chun seirbhís thionlacan cúirte a sholáthar go príomha.

4.3 Serirbhísí d'íospartaigh an **Fhoréigin Ghnéasaigh agus na Gáinneála Daonna**
Ghlac an Coimisiún le iarratas ar mhaoiniú ó eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh chun seirbhis thionlacan cúirte a sholáthar. Chuir sé maoiniú ar fáil do *Lárionad Foréigin Ghnéasaigh Chorcaí*. Shocraigh sé freisin maoiniú a chur ar fáil do *Ruhama* i leith soláthar seirbhísí do mhná a ndearnadh gáinneáil go hÉirinn orthu d'fhonn dúshaothraithe i dtionscal tráchtála an ghnéis.

4.4 Seirbhísí do **leanaí ar íospartaigh iad**
Thug an Coimisiún maoiniú do *CARI* agus *Barnardos* i 2008. Tugann CARI tacaíocht do leanaí ar íospartaigh mí-úsáide gnéis iad. Chuir an Coimisiún maoiniú €80,000 ar fáil do CARI i 2008 i leith forbairt sheirbhís thacaíochta tionlacan cúirte do leanaí a mbíonn orthu freastal ar chúirt mar fhinnéithe. Soláthraíonn Barnardos comhairleoireacht do leanaí ar lucht méala iad de bharr dúnbhásaithe

4.5 Achoimre na n-iarratas ar éirigh leo
D'éirigh le 45 eagraíocht maoiniú a fháil ón gCoimisiún i 2008.

Léiríonn **Aguisín A** liosta na n-eagraíochtaí ar dháil an Coimisiún maoiniú orthu i 2008.

5. Cinntí Maoinithe do 2009

Chun a chinntiú go bhfaigheadh na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha a mhaoiníonn an Coimisiún a n-íocaíochtaí chomh luath agus ab fhéidir i 2009, chuir an Coimisiún fógra sna nuachtáin náisiúnta i nDeireadh Fómhair, 2008 ag lorg iarratais ar mhaoiniú do 2009 (Aguisín D). Ba é 30 Samhain, 2008 an dáta deireanach chun iarratais a fháil. Fuair an Coimisiún 45 iarratas agus rinne cinntí i bprionsabal maidir leis na hiarratais seo ag a chruinniú i Nollaig, 2008

agus cuireadh na hiarratasóirí ar an eolas faoi na cinntí a rinneadh ina dhiaidh sin.

6. Creat Tacaíochta d'Íospartaigh na Coireachta á fhorbairt

6.1 I dteannta dáileadh airgid ar eagraíochtaí a thugann tacaíocht d'íospartaigh na coireachta, bunaíodh an Coimisiún i 2005 chun "creat tacaíochta iomchuí d'íospartaigh na coireachta don todhchaí a cheapadh".

6.2 Trína chuid oibre tá léargas mór faighte ag an gCoisimisiún ar riachtanais íospartach, ar na tacaíochta agus na seirbhísí atá ar fáil dóibh agus ar thionchar an chórais Cheartais Choiriúil ar íospartaigh na coireachta. Tá an timpeallacht d'íospartaigh na coireachta tar éis athrú go sciobtha. Le deich mbliana anuas bunaíodh eagraíochtaí nua chun tacú le híospartaigh. Ritheadh reachtaíocht nua ag tabhairt athchóiriú íospartachlárnach ar an dlí coiriúil isteach. Tháinig cultúr chun cinn le cothromaíocht níos cóire a bhaint amach idir cearta an phobail trí chéile agus cearta íospartaigh na coireachta ar lámh amháin, agus cearta traidisiúnta an chúisí ar an taobh eile. Tháinig borradh faoi chearta íospartach.

6.3 Chun cuidiú leis an gCoimisiún é féin a chur ar an eolas faoi fhorbairt bheartas d'íospartigh isteach sa todhchaí, choimisiúnaigh sé taighde ar na seirbhísí a sholáthraíonn NGOanna agus daoine eile d'íospartaigh na coireachta. Is é Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliaith a rinne an obair agus tugadh chun críche é i 2007.

6.4 Agus a Chreatdoiciméad á ullmhú aige theastaigh ón gCoimisiún leas agus peirspictíochtaí na ngeallsealbhóirí uile a chur san áireamh. Reáchtáil an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta Lá Eolais agus Plé ar 27 Feabhra, 2008. D'fhreastail 70 duine ar an imeacht, ionadaithe ó 48 eagraíocht, lena n-áirítear 35 NGOanna a thacaíonn le híospartaigh na coireachta agus atá maoinithe ag an gCoimisiún. Ba ionadaithe ó ghníomhaireachtaí um cheartas coiriúil an chuid eile. Thug sé deis dóibh siúd a mbíonn teagmháil acu le híospartaigh na coireachta, agus atá ar an eolas, mar sin, ar a riachtanais, a seasamh agus a bhfíseanna don todhchaí a chur in iúl.

6.5 De bharr a chuid oibre thar tréimhse trí bliana, tháinig an Coimisiún ar thuiscint faoi ilghnéitheacht na n-íospartach atá ann, lena n-áirítear íospartaigh an fhoréigin baile, dúnbhásaigh, gáinneála agus foréigin ghnéasaigh, agus raon na n-eagraíochtaí a thairgeann tacaíocht do na híospartaigh seo. Cuireann na grúpaí seo raon éagsúil seirbhísí ar fáil d'íospartaigh agus bhi fonn ar an gCoimisiún leas agus peirspictíochtaí gach geallsealbhóir a chur san áireamh.

6.6 Bhuail an Coimisiún freisin le roinnt Gníomhaireachtaí um Cheartas Coiriúil mar chuid dá chomhairliúchán leanúnach le páirtithe leasmhara.

7. An Creatdoiciméad á chur i láthair an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

7.1 Scrúdaigh an *Creatdoiciméad: Moltaí do Struchtúir agus do Sheirbhísí d'Íospartaigh na Coireachta sa Todhchaí* an cás maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil d'íospartaigh agus thug breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfaí iad seo a neartú chun a chinnte go bhfaigheann íospartaigh cúnamh leordhóthanach tar éis coireachta. Chuir an Coimisiún an Creatdoiciméad i láthair an Aire in Aibreán, 2008. Ghlac sé le moltaí an Choimisiúin ina n-iomláine.

7.2 Is iad seo a leanas na príomh-mholtaí a rinne an Coimisiún sa Chreatdoiciméad:

Oifig Fheidmiúcháin nua lánaimsireach chun tacú le híospartaigh na coireachta a bhunú sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus foireann tiomanta (lena n-áirítear ról comhordaitheora) a chur i bhfeidhm.

Athbhunú **An Choimisiúin um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta.**

Bheadh ar an gCoimisiún bualadh faoi dhó sa bhliain le NGOanna i **bhFóram Comhchomhairleach d'Íospartaigh** ar mhaithe le comhairliúcháin agus cruinniú faisnéise.

Tá cóip den Chreatdoiciméad le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóiritheh Dlí ag www.justice.ie faoi Phreas & Foilseacháin / an Choireacht agus Feidhmiú an Dlí (19/06/2008).

8. Bunú an Choimisiúin nua, an Fhóraim Chomchomhairligh agus Oifig d'Íospartaigh na Coireachta

8.1 Bunaíodh an Coimisiún athbhunaithe um Cheartais Choiriúil d'Íospartaigh na Coireachta i Meán Fómhair, 2008, agus na comhaltaí seo a leanas air:

An tUasal Ray McAndrew, Cathaoirleach (iar-Choimisinéir Cúnta, An Garda Síochána)
An tUasal Seán Lowry (iar-cheannaire na Seirbhíse Promhaidh)
Nora Owen Uasal (iar-Aire Dlí agus Cirt)
An tUasal Michael Whelan (Gemini Consulting)
An tUasal Greg Heylin, Ex Officio Stiúrthóir Oifig Íospartaigh na Coireachta)

Thionól an Coimisiún nua a chéad chruinniú ar an 7 Deireadh Fómhair, 2008 in ar tugadh aitheantas don obair a rinne an tUasal Jim McHugh agus Marian Finucane Uasal, comhaltaí an Choimisiúin a bhí ag éirí as, agus gabhadh buíochas leo as ucht a ngníomhaíocht luachmhar chun cur le hobair an Choimisiúin.

8.2 Socraíodh go mbeadh an chéad chruinniú den Fhóram Comhchomhairleach ann in Eanáir, 2009.

8.3 Bunaíodh Oifig Íospartaigh na Coireachta i Meán Fómhair, 2008. Ceapadh an tUasal Greg Heylin mar Stiúrthóir ar an Oifig nua. Is é sainordú lárnach Oifig Íospartaigh na Coireachta feabhas a chur ar leanúnachas agus ar cháilíocht seirbhísí d'íospartaigh na coireachta ó ghníomhaireachtaí stáit agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ar fud na tire. Feidhmíonn sé chun tacú le forbairt seirbhísí atá éifeachtach, comhbhách agus inniúil d'íospartaigh na coireachta.

9. Comhoibriú agus comhordú idir an Coimisiún, na Gníomhaireachtaí Ceartais Choiriúil agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha

9.1 Feictear don Choimisiún go bhfuil straitéis chomhtháite chun tacú le híospartaigh na coireachta riachtanach chun seirbhís éifeachtach a sheachadadh d'íospartaigh na coireachta. Ní féidir é seo a bhaint amach ach trí chomhoibriú agus comhordú idir na gníomhaireachtaí ceartais choiriúil go léir mar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna agus an tSeirbhís Phromhaidh. Lean an Coimisiún lena chaidreamh leis na gníomhaireachtaí seo le linn 2008 mar chuid dá obair leanúnach chun a chinntiú go bhfuil áit lárnach ag an íospartach sa chóras ceartais choiriúil agus go dtugtar aghaidh ar a riachtanais agus ar a ábhar imní.

9.2 Ar an gcuma chéanna tá dea-chumarsáid agus comhoibriú idir an Coimisiún agus na NGOanna a mhaoiníonn sé, riachtanach. Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún an tseirbhis is fearr agus is féidir a sholáthar d'eagraíochtaí maoinithe. Tá sé sásta smaointe agus eolas a mhalartú le NGOanna agus ag an am céanna treoir agus comhairle a chur ar fáil do NGOanna nuair a éilítear é. Tá sé sásta freisin freagairt d'éilimh ar chruinnithe uathu nuair is féidir.

10. Tionscnamh um Cheartas Coiriúil d'Íospartaigh

10.1 I Meán Fómhair, 2008 bhuail an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí Dermot Ahern T.D.,le hionadaithe ó na NGOanna a mhaoiníonn an Coimisiún. Tá grúpa ann bainteach le tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh na coireachta. Bhí an tAire ag iarraidh scéala a fháil go díreach faoi thaithí na n-eagraíochtaí ar an talamh agus a n-imní maidir le híospartigh na coireachta. Thug an cruinniú deis freisin don Aire breac-chuntas ar a Thionscnamh um Cheartas Coiriúil d'Íospartaigh a thabhairt dóibh siúd a bhí i láthair agus a chinntiú dóibh go raibh pacáiste reachtúil á chur chun cinn agus á ullmhú le foilsiú in Earrach 2009

11. Doiciméad Taighde

Ní mór don Choimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta a bheith go hiomlán ar an eolas faoi riachtanais íospartaigh na coireachta. Mar sin, tar éis tairscintí a eisiúint, thug sé coimisiún do Choláiste Ollscoile Chorcaí an taighde seo a leanas a dhéanamh:

- riachtannais íospartaigh na coireachta agus a dteaghlaigh
- a mhéid a lorgaíonn íospartaigh na coireachta tacaíocht ó na seirbhísí atá ar fáil
- a mhéid a fhreastlaíonn na heagraíochtaí a sholáthraíonn tacaíocht d'íospartaigh na coireachta agus na gníomhaireachtaí ceartais choiriúil ar na riachtanais sin.

Is breis é seo ar an taighde bunaidh don Choimisiún ar cuireadh críoch leis i 2008.

12. Obair an Chomhordaitheora i 2008

Lean an tUasal Denis O'Neill, Comhordaitheoir don Choimisiún, ag bualadh le heagraíochtaí a maoiníodh i 2008 chun a n-imní a chur i láthair an Choimisiúin féin agus na ngníomhaireachtaí ceartais choiriúil.

13. Athbhreithniú ar an gCairt d'Íospartaigh

13.1 Áirítear ar théarmaí tagartha an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar an gCairt dar teideal *Cairt d'Íospartaigh agus Treoir don Chóras Ceartais Choiriúil*. Rinneadh uasghrádú go deireanach ar an gCairt i 1999. Tugann sé, ó thaobh na n-íospartach de, cur síos ginearálta ar an gcóras ceartais choiriúil fhoriomlán, achoimre ghearr ar ról agus ar fheidhmeanna gach ceann de na príomhchomhlachtaí/gníomhaireachtaí atá bainteach leis, teidlíochtaí an íospartaigh ó thaobh caighdeáin chóireála, agus nósanna imeachta gearán i ngach réimse. Is prionsabal treorach den Chairt d'Íospartaigh an tiomantas d'áit lárnach a thabhairt d'íospartaigh na coireachta sa chóras ceartais choiriúil.

Lean an Coimisiún lena chuid oibre chun an Chairt a thabhairt suas chun dáta i 2008. Ullmhaíodh dréacht athbhreithnithe agus cuireadh tús le sraith cruinnithe le gníomhaireachtaí ceartais choiriúil le cruinniú leis an nGarda Síochána. Is é fócas na gcruinnithe seo feidhmiú na dtiomantas sa Chairt a fheabhsú.

14. Cóiríocht do Sheirbhís Tacaíochta do Dhaoine ar Iarraidh in Éirinn (MISS), do Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta agus do Sheirbhís Chúnaimh do Thurasóirí in Éirinn.

14.1 Is eagraíocht dheonach, neamhbhrabúsach, neamhpholaitiúil, neamh-shainchreidmheach í an tSeirbhís Tacaíochta do Dhaoine ar Iarraidh in Éirinn. Is é a bunaidhm tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh agus do dhaoine aonair a bhfuil gaol, comhghleacaí nó cara leo atá rangaithe go hoifigiúil mar dhuine atá ar iarraidh. Faoi láthair níl aon chóiríocht bhuan ag MISS nó cóiríocht dá líne chabhrach. Tar éis idirphlé leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí d'éirigh leis an gCoimisiún cóiríocht a fháil do líne chabhrach MISS i 2008.

14.2 D'éirigh leis an gCoimisiún cóiríocht a fháil ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí freisin do Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta. Tugann an Coimisiún ar aird gur chuir an Roinn cóiríocht ar fáil don tSeirbhís Chúnaimh do Thurasóirí in Éirinn i 2008.

15. Inniúchadh Eagraíochtaí atá Maoinithe ag an gCoimisiún 2008

15.1 D'fhostaigh an Coimisiún seirbhísí na hIniúchta Inmheánaigh den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le gnáthiniúchtaí a dhéanamh ar dhá cheann de na heagraíochtaí a dtugann sé maoiniú dóibh. Ba chuid de chlár rollach iniúchtaí d'eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú an obair seo. Tá na hiniúchtaí inmheánacha seo ceaptha dearbhú réasúnta a thabhairt don Choimisiún go bhfuil córas leordhóthnach srianta airgeadais inmheánacha i bhfeidhm sna heagraíochtaí seo agus go bhfuil siad folláin agus ag feidhmiú. Ar bhonn na hoibre iniúchta a rinneadh agus an fhianaise a cuireadh i láthair bhí an tAonad Iniúchta Inmheánaigh sásta go raibh na córais srianta airgeadais inmheánacha a bhí i bhfeidhm sna heagraíochtaí sin réasúnta.

15.2 Ar bhonn na hoibre a rinne an tIniúchadh Inmheánach, agus feidhmiú roinnt moltaí a rinne an tIniúchadh Inmheánach, bhí an Coimisiún sásta go bhfuil córas éifeachtach leordhóthanach srianta airgeadais inmheánacha ag feidhmiú laistigh de na heagraíochtaí a ndearnadh iniúchadh orthu.

16. Gníomhaíochtaí eile an Choimisiúin i 2008

16.1 D'fhreastail comhaltaí den Choimisiún ar na himeachtaí seo a leanas i 2008:

- D'fhreastal an tUasal Seán Lowry ar an gComhdháil Nordach ar Íospartaigh agus Tacaíocht d'Íospartaigh a tionóladh i Helsinki i Márta, 2008.
- Labhair an Cathaoirleach Jim McHugh ag Seimineár a reáchtáil an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in Aibreán, 2008 ar a Phlépháipéar ar thabhairt na bhfáthanna maidir le cinntí gan ionchúiseamh. D'fhreastail beirt Chomhaltaí den Choimisiún ar an Seimineár freisin.
- D'fhreastail Nora Owen Uasal agus an tUasal Denis O'Neill ar chomhdháil de chuid COSC dart ideal "Stopping Violence: Ehat Works" a reáchtáileadh I bPort Láirge I mBealtaine, 2008.
- Rinne an Cathaoirleach, Jim McHugh, léiriú ag Comhdháil Bhliantúil an Chumainn Idirnáisiúnta um Athchóiriú an Dlí Choiriúil a reáchtáileadh in Iúl, 2008.
- Bhí Seán Lowry ina aoichainteoir ag seoladh Thuarascáil Bhliantúil Sheirbhísí Ceartais Aisirígh Thamhlachta 2007 i Meán Fómhair 2008.
- D'fhreastail Nora Owen Uasal agus an tUasal Greg Heylin ar chomhairliúchán de chuid COSC ar straitéis náisiúnta maidir le foréigean baile agus gnéasaigh i mBaile Átha Cliath i Samhain, 2008.
- D'fhreastail an Cathaoirleach Ray McAndrew agus an tUasal Seán Lowry ar chomhdháil dar teideal "Lost in Translation" a reáchtáil an

Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcomhar le hAonad Naomh Louise, Ospidéal Naomh Muire Chromghlinne agus Aonad Naomh Cláir, Ospidéal Shráid an Teampaill i Samhain 2008. Thug an chomhdháil aghaidh ar shaincheisteanna a bhain le híospartaigh agus le finnéithe ar leanaí iad.

Aguisín A

Iarratasóirí ar éirigh leo maoiniú a fháil i 2008

Eagraíocht	Suim	Cuspóir an Mhaoinithe
Adapt (Ciarraí)	22,000	Tionlacan Cúirte
Adapt (Luimneach)	40,000	Tionlacan Cúirte
AdVIC	15,000	Comhairle agus tacaíocht do theaghlaigh ar lucht méala iad de bharr dúnbhásaithe
Amen	30,000	Tionlacan Cúirte
Ascend	12,000	Tionlacan Cúirte
Barnados	25,000	Comhairleoireacht lucht méala do leanaí a ndeachaigh dúnbhású i bhfeidhm orthu
Ionad Comhairleoireachta Beacon of Light	15,000	Seirbhísí comhairleoireachta d'íospartaigh na coireachta
CARI	80,000	Tacaíocht agus tionlacan cúirte do leanaí a ndeachaigh coireanna i bhfeidhm orthu
Women's Aid Cheatharlach	10,000	Tionlacan Cúirte
Seirbhísí Clare Haven	12,000	Tionlacan Cúirte
Seirbhís Tacaíochta Cúirte	40,000	Tionlacan Cúirte
Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta	75,000	Seirbhís líne chabhrach d'íospartaigh na coireachta
Tearmann Chuan Saor do Mhná Teo.	15,000	Tionlacan Cúirte
Seirbhís Tacaíochta Foréigin Baile (Sligeach)	7,000	Tionlacan Cúirte
Domestic Violence Response (Gaillimh)	10,000	Tionlacan Cúirte
Seirbhís Fhoréigin Baile Dhún na nGall	13,000	Tionlacan Cúirte
Tearmann Dhroichead Átha do Mhná	15,000	Tionlacan Cúirte
Seirbhís Chomhairleoireachta Dhún Dealgan	5,000	Seirbhísí comhairleoireachta d'íospartaigh na coireachta
Ionad Saol Teaghlaigh (Foréigean in aghaidh na mBan) (Roscomáin)	15,000	Tionlacan Cúirte
Cónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh	45,000	Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh na coireachta
Tearmann Inis Eoghain do Mhná	3,000	Tionlacan Cúirte

Ionad na hÉireann do Leanaí ar fhuadaigh Tuismitheoir iad	2,000	Uasghrádú agus priontáil leabhrán
Tacaíocht Laoise in aghaidh foréigin baile	15,000	Tionlacan Cúirte
Lárionad Leitir Ceanainn do Mhná (Comhairleoireacht)	4,265	Tionlacan Cúirte
Lárionad Comhairleoireachta Living Life Voluntary (Cill Mhantáin)	5,000	Seirbhísí comhairleoireachta do mhná a ndeachaigh foréigean baile i bhfeidhm orthu
Nasc Longfoirt do Mhná	22,000	Tionlacan Cúirte
Seirbhís Tacaíochta do Mhná Mhaigh Eo	17,000	Tionlacan Cúirte
Tearmann na Mí do Mhná	20,000	Tionlacan Cúirte
Seirbhísí Tacaíochta do Dhaoine ar Iarraidh in Éirinn	20,000	Soláthar líne chabhrach do theaghlaigh daoine atá ar iarraidh
Mná Feasa	21,000	Tionlacan Cúirte
Mná i nGéarchéim, Uíbh Fhailí	7,000	Tionlacan Cúirte
One in Four	30,000	Tionlacan Cúirte
Líonra Open Door	15,000	Tacaíocht do líonra eagraíochtaí a thugann cúnamh d'íospartaigh na coireachta
Ruhama	70,000	Seirbhísí d'íospartaigh gháinneála
Cumann Tithíochta Saoirse	7,000	Tionlacan Cúirte
Lárionad um Fhoréigean Gnéis	20,000	Tionlacan Cúirte
Craobh Chiarraí Theas d'Íospartaigh na Coireachta	1,020	Seirbhísí Tacaíochta d'íospartaigh na coireachta
Tacaíocht tar éis Coireachta	90,000	Seirbhísí Tacaíochta d'íospartaigh na coireachta
Tacaíocht Tar Éis Dúnbhásaithe	36,000	Seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh ar lucht méala iad de bhar dúnbhásaithe
Cumann Tithíochta Tearmann	15,000	Tionlacan Cúirte
Victim Support	11,863	Seirbhísí Tacaíochta d'íospartaigh na coireachta
Women's Aid Bhaile Átha Cliath	56,000	Tionlacan Cúirte
Women's Aid Dhún Dealgan	10,000	Tionlacan Cúirte
You Are Not Alone	3,000	Tionlacan Cúirte
IOMLÁN	**1,057,148**	

Aguisín B

Maoiniú deonaithe de réir an chineál eagraíochta a sholáthraíonn seirbhísí d'íospartaigh na coireachta



Maoiniú a deonaíodh ó 2005 go 2008



1	Maoiniú i 2005	€685,750
2	Maoiniú in2006	€885,250
3	Maoiniú i 2007	€946,125
4	Maoiniú i 2008	€1,057,148

Aguisín C

FÓGRA POIBLÍ
An Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta

Maoiniú do sholáthar Seirbhísí d'Íospartaigh na Coireachta 2008

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireacha i Márta 2005 chun –

- maoiniú a dháileadh ar eagraíochtaí a chuireann tacaíocht agus cúnamh ar fáil d'íospartaigh na coireachta agus chun
- creat tacaíochtaí iomchuí a cheapadh d'íospartaigh na coireachta sa todhchaí

Tá an Coimisiún ag lorg iarratas arís ar mhaoiniú ó charthanais chláraithe, ó ghrúpaí deonacha/pobail agus ó chomhlachtaí eile a sholáthraíonn nó a bhfuil moltaí acu do sholáthar seirbhísí/cúnaimh d'íospartaigh. Ní mór d'iarratasóir ar mhaoiniú a bheith ina charthanas cláraithe nó ina chuideachta theoranta.

Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ó **www.justice.ie** **nó** is féidir iad a fháil ó Anne O'Shea, Rúnaí an Choimisiúin, ag an seoladh thíos.

Ní mór foirmeacha iarratais a sheoladh ar ais faoin gCéadaoin, 31 Eanáir, 2008.

Mionsonraí teagmhála:

Anne O'Shea Uasal
An Coimisiún um Thacaíocht d'Íosparaigh na Coireachta,
f/ch An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,
Teach Pinebrook
71/74 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01-6028681.
Ríomhphost: csvc@justice.ie

Aguisín D

Commission for the Support of Victims of Crime

FÓGRA POIBLÍ

An Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta

Maoiniú 2009 do sholáthar Seirbhísí d'Íospartaigh na Coireachta

D'athbhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dli an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta i Meán Fómhair 2008 chun –

- **maoiniú a dháileadh ar eagraíochtaí a chuireann tacaíocht agus cúnamh ar fáil d'íospartaigh na coireachta**

- **cúnamh a thabhairt i bhforbairt straitéisí agus beartas chun tacú le híospartaigh na coireachta d'fhonn comhtháthú agus comhsheasmhacht seirbhísí agus eolais atá ar fáil d'íospartaigh na coireachta a fheabhsú.**

Tá an Coimisiún ag lorg iarratais ar mhaoiniú do 2009 ó charthanais chláraithe, ó ghrúpaí deonacha/pobail agus ó chomhlachtaí eile a sholáthraíonn nó a bhfuil moltaí acu do sholáthar seirbhísí/cúnaimh d'íospartaigh. Ní mór d'iarratasóirí ar mhaoiniú a bheith Ina charthanas cláraithe nó ina chuideachta theoranta. Chuirfí fáilte roimh chomhiarratais idir dhá ghrúpa nó níos mó.

Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ó **www.justice.ie** **nó** is féidir iad a fháil ó Anne O'Shea, Rúnaí an Choimisiúin ag an seoladh thíos.
Ní mór foirmeacha iarratais a sheoladh ar ais faoin Aoine, 28 Samhain , 2008

Mionsonraí teagmhála::

Anne O'Shea Uasal
An Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta,
f/ch An Roinn Dlí agus Cirt,
Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,
Teach Pinebrook,
71 – 74 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2

Teil: 01-6028681. ríomhphoste: csvc@justice.ie